**Is ionann an Úcráin agus an Eoraip**

*Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa*

An 24 Feabhra 2022, tháinig athrú ó bhonn ar an domhan mar ab eol dúinn. Ar an lá sin agus ar feadh gach lae ó shin, rinneadh léirscrios ar shaol na milliún de theaghlaigh na hÚcráine. Ar iompú do bhoise, bhí ar go leor daoine gach a raibh acu a thréigean. Cuireadh iallach ar ocht milliún de mhuintir na hÚcráine, teitheadh óna gcuid tithe agus tearmann a lorg san Aontas Eorpach. Rinneadh 6 mhilliún eile a easáitiú go hinmheánach.

Tá athrú tagtha ar an domhan dúinn uile atá ina bhfinnéithe ar an mbrúidiúlacht, an éagóir, an sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta, an sceimhle, an dímheas ar chearta an duine, ar na coireanna cogaidh atá fós á ndéanamh, bliain dár gcionn, ar chríoch cheannasach na hÚcráine.

Táimid uile ar thóir na síochána. Is iad muintir na hÚcráine is géire atá á lorg. Is ar an tsíocháin atá an idé Eorpach tógtha. Ach ní síocháin ar chuntar ar bith atá sa tsíocháin gan saoirse agus sa tsíocháin gan cheartas.

Ag labhairt dó i bParlaimint na hEorpa díreach coicís ó shin, rinne an tUachtarán Zelenskyy cur síos ar an gcaoi a bhfeiceann sé an Eoraip mar mhór-roinn ina bhfuil rialacha, luachanna, comhionannas agus cothroime greanta go domhain, agus áit ina bhfuil dáimh dhlúth ag an Úcráin léi. Tá an Chreimil, ar an taobh eile, a dúirt sé, ag déanamh a seacht ndícheall chun luachanna na hEorpa a scriosadh.

Is é sin an fáth go leanfaimid de sheasamh a thógáil leis an Úcráin. Tá a cuid saoránach ag brath air sin. Tá an Eoraip ag brath air sin. Tá an tsíocháin ag brath air sin. Seasaimid taobh leis na teaghlaigh gan áireamh ar baineadh díobh gach a raibh acu. Seasaimid le fórsaí cosanta na hÚcráine atá ag troid ar son na saoirse, an daonlathais agus an oird dhomhanda atá bunaithe ar rialacha. Seasaimid leo siúd a throideann ar ár son.

Is é sin an fáth go bhfuil Parlaimint na hEorpa ag iarraidh go ndéanfaí Binse Speisialta a chur ar bun chun gur féidir na daoine sin uile atá freagrach as coireanna cogaidh a thabhairt os comhair na cúirte - coireanna nach bhfuil aon fheidhm ag reacht na dtréimhsí ina leith. Coireanna nach féidir linn a bheith dall orthu.

Is é sin an fáth go gcaithfidh an tAontas Eorpach leanúint d’fhorchur na smachtbhannaí ar an Rúis, ar dhaoine aonair agus ar eintitis a thacaíonn le cogadh neamhdhleathach Putin, agus an fáth nach mór dúinn brú a chur ar thíortha eile agus ar chuideachtaí príobháideacha atá fós ag deileáil leis an gCreimil. Ní féidir déileáil a thuilleadh leis an Rúis amhail mar a dhéileáiltí tráth.

Ag breathnú chun cinn, is mian le Parlaimint na hEorpa tús a chur leis an bpleanáil do lá na saoirse. Do bhallraíocht na hÚcráine san Aontas Eorpach. Aidhm, a bhfuil a conair féin ag gach tír is iarrthóir ina leith, ach aidhm ar cheart dúinn tús a chur leis an gcaibidlíocht ina thaobh a luaithe is féidir. Cabhróidh dearcadh na ballraíochta, ní hamháin go morálta agus go siombalach, ach freisin nuair a thiocfaidh sé chomh fada leis an atógáil a dhéanfar ar an Úcráin a bheidh faoi shaoirse.

Ní hamháin go mbainfidh sé sin le hatógáil fhisiciúil ollmhór na hÚcráine, ach lena córais riaracháin, rialachais agus ceartais freisin. Beidh obair chrua agus athchóirithe deacra ag teastáil chuige sin. Beidh gá le hathruithe agus cinntí misniúla.

Is féidir le Parlaimint na hEorpa agus iliomad clár an Aontais cabhair a thabhairt ina leith sin. Ach má tá aon ní cruthaithe ag an mbliain seo caite, is é go bhfuil muintir na hÚcráine ina sampla de na daoine is cróga, is athléimní agus is suntasaí atá ag comhrac agus ag seasamh an fhóid in ainneoin na n-ainneoin. Tá ár dtacaíocht dhaingean tuillte acu. Is é ár gcinniúint é a bheith le chéile. Is ionann an Úcráin agus an Eoraip. Is ionann an Eoraip agus an Úcráin.